Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2012**

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

# Ceimic

## Aonad Measúnaithe A2 3
Measúnú Inmheánach
Scrúdú Praiticiúil 1

**[AC231]**

AC231

**DÉ CÉADAOIN 9 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

2 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Freagair **gach ceann** de na **3** cheist.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin.

**FAISNÉIS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Is cleachtaí praiticiúla iad Ceisteanna 1 agus 2 dar luach 25 marc.
Is cleachtadh pleanála í Ceist 3 dar luach 20 marc.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **gceisteanna 3(d) agus 3 (e).**
**Ní féidir úsáid a bhaint as nótaí, as téacsleabhair ná as aon ábhar eile le cuidiú leat.**
Tá Tábla Peiriadach na nDúl (roinnt sonraí san áireamh) ar fáil.

| Don Scrúdaitheoir amháin | | |
|---|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna | Marc Modhnóireachta |
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |
| Marc Iomlán | | |

7563.05

StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

| Marcanna an Mhúinteora | | Athmharc |
| --- | --- | --- |

1 Caithfear 1.2 g de shampla eisíon d'iadáit (V) photaisiam, $KIO_3$, a anailísiú le haghaidh íonacht chéatadánach. Rinneadh tuaslagán 250 $cm^3$ den sampla a ullmhú i bhfleascán toirtmhéadrach.

**(a)** Cuir síos ar an dóigh a ndearnadh an tuaslagán 250 $cm^3$ d' iadáit (V) photaisiam a ullmhú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [6]

Ar fáil duit tá:

sampla den tuaslagán d'iadáit (V) photaisiam
ceithre chuid 10 $cm^3$ de chaolaigéad sulfarach
ceithre chuid 1.0 g d'iaidíd photaisiam
0.1 mól $dm^{-3}$ de thuaslagán sóidiam tiasulfáite
táscaire stáirse

Ag glacadh leis go bhfuil an fearas uilig glan agus tirim, caithfidh tú toirtmheascadh a dhéanamh ar an dóigh seo thíos leis an íonacht chéatadánach den sampla d'iadáit (V) photaisiam a fháil.

- Úsáid pípéad le 25.0 $cm^3$ de thuaslagán iadáit (V) photaisiam a chur isteach i bhfleascán cónúil.
- Cuir 10 $cm^3$ de chaolaigéad sulfarach isteach sa fhleascán chónúil.
- Cuir 1.0 g d'iaidíd photaisiam isteach sa fhleascán chónúil agus suaith an fleascán lena chinntiú go dtuaslagann sí.
- Úsáid an 0.1 mól $dm^{-3}$ de thuaslagán sóidiam tiasulfáite lena thoirtmheascadh go dtí go dtagann dath tuí ar an tuaslagán.
- Cuir an táscaire stáirse isteach sa fhleascán chónúil agus déan é a thoirtmheascadh go dtí go n-athraíonn dath an táscaire ó ghormdhubh go héadathach.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(b)** Déan an toirtmheascadh agus taifead na torthaí i dtábla cuí sa spás seo thíos. Ríomh an meán-títear.

[10]

| Marc Mhúinteora | | Athmharc |
|---|---|---|
| | | |



StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

(c) (i) Scríobh an chothromóid don imoibriú idir iadáit (V) photaisiam agus iaidíd photaisiam agus an caolaigéad sulfarach ann.

_______________________________________________ [2]

(ii) Scríobh cothromóid ianach don imoibriú seo.

_______________________________________________ [1]

(d) (i) Is de réir na cothromóide seo thíos a bhíonn iaidín ag imoibriú le sóidiam tiasulfáite:

$$I_2 + 2S_2O_3^{2-} \rightarrow S_4O_6^{2-} + 2I^-$$

Ríomh an mhais de $KIO_3$ atá sa sampla.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [5]

(ii) Ríomh an íonacht chéatadánach den sampla $KIO_3$.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

| Ma[illegible] Mhúinte[illegible] | | [illegible]mharc |
|---|---|---|



StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**2 Breathnú/asbheirt**

Caithfidh tú spéaclaí sábháilteacha a chaitheamh i rith an ama agus ba chóir duit a bheith cúramach agus an fiosrúchán seo ar bun agat.

**(a)** Tá sampla de chomhdhúil neamhorgánach dar lipéad A ar fáil duit.

**(i)** Caithfidh tú na tástálacha seo a leanas a dhéanamh ar an chomhdhúil agus na breathnuithe agat a thaifeadadh sa tábla.

| Tástáil | Breathnuithe |
|---|---|
| **1** Cuir síos ar chuma A. | [2] |
| **2** Tuaslaig 3 thomhas spadail de A in 15 $cm^3$ d'uisce dí-ianaithe. Coinnigh an tuaslagán seo le haghaidh tástálacha 3(a), 4, 5(a) agus 6. | [1] |
| **3 (a)** Cuir 2 $cm^3$ den tuaslagán ó thástáil 2 i bpromhadán agus cuir an toirt chéanna de thuaslagán hiodrocsaíd sóidiam leis. **(b)** Cuir 5 $cm^3$ eile de thuaslagán hiodrocsaíd sóidiam isteach sa phromhadán. | [3] |
| **4** Cuir 2 $cm^3$ den tuaslagán ó thástáil 2 isteach i bpromhadán agus cuir 4 $cm^3$ de thuaslagán edta leis. | [1] |
| **5 (a)** Cuir 2 $cm^3$ den tuaslagán ó thástáil 2 i bpromhadán agus cuir 5 $cm^3$ de thuaslagán caol amóinia leis. **(b)** Cuir 2 $cm^3$ den tuaslagán ó thástáil 5(a) i bpromhadán eile agus cuir 2 $cm^3$ de thuaslagán 1,2-dé-aimíneatáin (en) leis. | [2] |
| **6** Cuir 2 $cm^3$ den tuaslagán ó thástáil 2 isteach i bpromhadán eile agus cuir 2 $cm^3$ de thuaslagán clóiríd bhairiam leis. Fág ansin é. | [2] |



StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(ii)** Ainmnigh comhdhúil A.

_______________________________________________ [2]

**(iii)** Déantar iain choimpléascacha i dtástálacha 4, 5(a) agus 5(b).
Scríobh foirmle na n-ian coimpléascach a dhéantar sna tástálacha seo.

Tástáil 4: _______________________________________

Tástáil 5(a): _____________________________________

Tástáil 5(b): _____________________________________ [3]

**(iv)** Mínigh cad chuige a mbíonn imoibriú i dtástáil 5(b).

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

| Marcanna Mhúinteoir | | Athmharc |
|---|---|---|
| | | |



StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(b)** Tá meascán uiscí de dhá chomhdhúil orgánacha dar lipéad Y ar fáil duit. Tá grúpa carbóinile i ngach ceann den dá chomhdhúil sa mheascán.

**(i)** Caithfidh tú na tástálacha seo a leanas a dhéanamh ar an mheascán orgánach agus na breathnuithe agat a thaifeadadh sa tábla.

| Tástáil | Breathnuithe |
|---|---|
| **1** Cuir síos ar chuma Y. Bolaigh Y go cúramach agus cuir síos ar an bholadh atá ann. | [2] |
| **2** Cuir 3 $cm^3$ de Y isteach i bpromhadán agus cuir 10 mbraon de thuaslagán aigéadaithe de dhéchrómáit photaisiam leis. Déan é a théamh i ndabhach uisce. | [2] |
| **3** Cuir 3 $cm^3$ de Y i bpromhadán eile agus cuir leath-thomhas spadail de hidrigincharbónáit sóidiam leis. | [3] |

**(ii)** Ainmnigh an **dá** chineál de chomhdhúile orgánacha atá i meascán Y.

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Uasmharc [25]

| Marc an Mhúinteora | | Athmharc |
|---|---|---|




StudentBounty.com

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

## 3 Cleachtadh Pleanála

*An díorthach 2,4-dénítrifeinilhiodrasóin a fuarthas ón imoibriú idir meatánal agus 2,4-dénítrifeinilhiodraisín a ullmhú agus a íonú.*




Is féidir an hiodrasón thuas a ullmhú trí fharasbarr de 2,4-dénítrifeinilhiodraisín uiscí a imoibriú le meatánal.
Tá meatánal gásach ar theocht an tseomra ach is féidir é a fháil mar thuaslagán a bhfuil 37% meatánail ann de réir maise.

**(a)** Scríobh an chothromóid le haghaidh foirmiú 2,4-dénítrifeinilhiodrasóin.

[2]

**(b)** Ríomh an mhais de thuaslagán meatánail a bhíonn de dhíth le 1.4 g de 2,4-dénítrifeinilhiodrasón a dhéanamh, agus glac leis go mbeidh táirgeacht 95% ann.

[4]

**(c)** Tá meatánal ina chúis le greannú géar i gcuasa na sróine agus bíonn éifeacht aige ar an scornach. Cén réamhchúram sábháilteachta a chaithfear a chur i bhfeidhm agus an t-ullmhúchán ar bun?

[1]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gcuid **(d)** agus i gcuid **(e)**.

**(d)** Is mar dheascán flannbhuí a fhoirmítear an 2,4-dénítrifeinilhiodrasón agus baintear úsáid as fleascán Buchner lena bhailiú trí scagachán súite.

**(i)** Mínigh cén dóigh a ndéantar "scagachán Buchner". [3]

**(ii)** Luaigh cad chuige a mbíonn sé in úsáid de rogha ar ghnáth-scagachán. [2]

**(e)** Is é eatánól an tuaslagóir a bhíonn in úsáid leis an 2,4-dénítrifeinilhiodrasón a athchriostalú.

**(i)** Mínigh cad chuige a bhfuil an 2,4-dénítrifeinilhiodrasón intuaslagtha in eatánól nuair nach bhfuil sé intuaslagtha i heacsán. [2]

**(ii)** Cuir síos ar an dóigh a ndéanfá an 2,4-dénítrifeinilhiodrasón a athchriostalú. [4]

Caighdeán na cumarsáide scríofa. [2]

| Marcanna Mhúinteoir | | Athmharc |
|---|---|---|
| | | |



StudentBounty.com
www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

StudentBounty.com

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

112041

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers